

Ní maith altuighim m'anáir

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlúim Dána*, Dublin, 1938, poem 46]

Fearghal Óg Mac an Bhaird .cc.

1 Ní maith altuighim m'anáir  
tríd nar bh'oircheas m'iongabháil;  
ní altuighim a n-uair mé  
ó ghartfhoirinn bhruaigh Bhóinne.

2 Feadhannaigh dhó an uile fhear;  
mo dhuasa ó mhacaibh Míleadh  
triath na dtriath dhamh-sa do dháil;  
is liach gan annsa d'admháil.

3 Fa-ríor níor altuigh sinn-ne  
le hanuabhar intinne  
ar chreid damhradh Dúine Breagh  
dúin-ne agus adhbhar oideadh.

4 Níor altuigheas - olc an sduaim -  
m'ísluighadh innte an athuair  
Fódla linnte na learg sean  
ná mo cheard innte d'oirneadh.

5 Ar n-ionnarbadh ó iath Ír  
níor altuigheas rem Airdrígh,  
mo thriall go Labháin tar linn,  
dom anáir thiar ar dtoirling.

6 Ní hionann inn is I-óib;  
an fortún fuair ón Tríonóid  
do altaigh ris an té 's triar;  
do sgé antail na n-ainmhian.

7 Clann oirrdhearc, táinte agus tír  
fríoth le hI-óib ón Airdrígh  
's groighe is tréada is cuirn corcra  
cuirm is séada saoghalta.

8 Níor chuir toice i n-uabhar é  
I-óib dil - díochra an fínné;  
níor ghrádhúigh sé an saoghal bocht;  
do naomhadh é as a umhlocht.

9 Do smuain Íosa dá éis soin  
fulung a óglaoich d'fhéachoin;  
an uile ní badh ní lais

do bhí uile 'n-a éagmhais.

10 Do ráidh I-óib "ó thoil Dé  
Dia thug Dia rug a-ríse";  
do-chuala a chloinn láimh do láimh  
ad-chuala coill a chonáigh.

11 An tuile easláinte air  
do chuir Airdrí fhear ndomhain;  
do fhéag ar n-uair a fhulung  
bréag ní fhuair 'n-a urughull.

12 "Beirim a bhuidhe rem ching"  
do ráidh I-óib tre uirim  
"ró cráidh do chara ar mo chorp  
ba mana gráidh mo ghuasocht."

13 Do bhíodh do dhalta an Dúilimh  
gur chneasuigh a chréachtchrúinimh  
ag súr déirce ó bhruigh do bhruigh  
a shéitche ar cúl na comhladh.

14 Do haltuigheadh re Dia ndil  
's ris an óigh mhilis mhuirigh  
tabhairt coda déirce dhí  
nó a shéitche d'oba impe.

15 Níor chaoin I-óib a othra  
féin go fagháil cobhartha  
's do-níodh caoi i gcróluighe a chneadh  
ar aoi clóghuine an Choimheadh.

16 Níor chaoin a ghalar goirt gnáth,  
's níor chaoin a chlann ná a chonách  
gér chaoi croidhe caoi I-óib  
ar aoi thoile don Tríonóid.

17 Fríoth aisiog na sláinte iar sin,  
fríoth tír is clann ón Choimdhidh,  
fríoth a shealbh mar thuile ag tocht,  
mar do dhearbh uile a annsocht.

18 Do ráidh mar do ráidh reimhe  
go búidh umhal ainglidhe:  
"an tí rug re ré ar ndeacra  
is é thug na toirbhearta."

19 Níor mhóide a bhrón a bharr croidh  
's níor mhóide a mheanma a fhagháil

a tháinte is a threoid troma,  
a shláinte, a sheoid shaoghalta.

20 Ón uair-sin go héag idir  
mar éaruic 'n-a fhoighidin  
fuair sé an talamh ar a thal  
's gidh é toradh na talmhan.

21 Fós mar éaruic 'n-a fhulung  
an ghlóir naomhtha neamhchumhung  
fuair ó thriath an tighe thuas;  
fa sgiath dá chridhe a choguas.

22 Ní altuighim mar I-óib  
boichte ná toice, a Thríonóid;  
uch, nach déinim a ndearna  
go dtéighinn rem Thighearna.

23 Mar I-óib do b'fhoirbhte cuing  
gá fios nach d'fhéachain m'fhuluing  
fríoth an saidhbhreas muin ar mhuin  
is fríoth daidhbhreas 'n-a dheaghuidh.

24 Eadamar is dom fhéagain  
do gadadh dom ghaoilghéagaibh  
na Conuill badh díonbhun damh;  
do díoghladh oruinn m'uabhar.

25 Eadamar is dom fhéasgain  
mo bhuar mo ghroigh gnímhéasgaidh  
rugais a Dhé uile uam  
níor bh'é an duille nar dhiombuan.

26 Eadamar is dom fhéagain  
do beanadh mo bhruittéagair,  
mo dhán is mo dhúthaigh dhíom;  
cúthail mo dhál ón dimbríogh.

27 Go n-altuighear a rí ribh  
bheith gan bhuar bheith gan mhuintir,  
's a brígh do bhreith óm meanma,  
's bheith gan tír gan tighearna.

28 Go n-altuighear, a rí, ribh;  
a-tá i gcúirtibh clann Mílidh  
fál allmhurach druim ar dhruim  
im chlár gcamdharach gCrimhthainn.

29 Go n-altuighear, a rí, ribh

mé gan fiú an bhaird do bhuidhin  
i Labháin fa cheo cumhadh;  
ní beo anáir m'ealadhan.

30 Ionann is altuighthe dhamh  
cách dom dhíol nó dom dhiúltadh,  
nó bheith ós chách ceann i gceann,  
nó bheith fa chách go coitcheann.

31 Ionann is altuighthe dhamh  
bheith fa dhiombuaidh san domhan  
nó bheith fa bhuidh nó bheith slán  
nó bheith ar n-uair go heaslán.

32 Ionann is altuighthe dhamh  
mo bheith rem beo i mbeirt mhoghadh  
nó beirt ríogh do chur fam chneas  
badh díon damh ar mo dhímheas.

33 Ionann is altuighthe dhúinn  
bheith go maidin ar mhaothchlúimh  
nó bheith i lionnmhuir gan luing  
nó bheith i n-iomdhaidh iarúinn.

34 Ionann is altuighthe dhúin  
bheith im luighe ar lár m'fhortúin  
nó siobhal sneachta ar sliabh lom  
nach biadh ag ealta a fhulong.

35 Ionann is altuighthe dhúin  
luighe idir mo lucht míorúin  
nó luighe idir mo lucht gráidh  
dom churp croidhe gach chompáin.

36 Ní fáth faoilte, ní fáth bróin  
clann oirdhearc, earradh deargóir,  
nó bheith gan choim idir chách,  
nó bheith gan chloinn gan chonách.

37 Ní fáth faoilte, ní fáth bróin  
cúirt áluinn iomad comhóil  
nó iomad tarta is teach lom,  
nó neach gan acra d'fhearann.

38 Cré gach colann san chruinne;  
breith nó oighidh éanduine  
ní fáth faoilte ní fáth bróin;  
ní caointe cách i gcéadóir.

39 Dá ndídean do dhoirt a fhuil;  
níor chaointe do chloinn Ádhaimh  
rí 'n-a dheoidh ná rí reimhe  
le a dheoin acht rí an ríthighe.

40 An rí tá is bhias is do bhaoi  
is tríd ba dhéanta déarchaoi;  
ceo gach triath acht triath na ndúl,  
beo mo thriath ar n-a théarnúdh.

41 Mairg nach caoinfeadh an chruinne;  
a bhás ní bás éanduine  
do b'é uile an uile fhear;  
ní duine an té nach tuigfeadh.

42 Mairg nach caoinfeadh iad uile  
 tráigh, tír, coillte claonbhuidhe,  
 éisg na mara is neamh na néall,  
 's an lear uile is an t-ai-éar.

43 Do gonadh an ghrian 's an ré  
is buidhne an bheatha sheinché  
lá fuile an tairnge do theacht  
's na haingle uile i n-éinfheacht.

44 Ann sin do saobhadh síona,  
do bhéicsead na bleidhmhíola,  
agus an fhairrge re headh  
is na cairrge dá chaoineadh.

45 Do chaoinsead saor a gceangail  
na huisge is na hairdreannaigh,  
is eoin lúdhmhara deoidh i ndeoidh,  
is neoil úrghlana an ai-eoir.

46 Níor dhiongna a dhúile féine  
do chaoineadh a gcoigcéile;  
do-róine gach ní fa nimh  
rí na glóire rí an ríchidh.

47 Ní fhuil thuas ar neamh na néall  
dúil acht ar dhealbh an fírén;  
dúil mar soin acht dúil do chum  
fúinn nochan fhuil i nlofrunn.

48 Ó fhlaitheamhnas Dé budh-dhein  
síos go híochtar an aigéin  
ní fhuil dúil acht dúil do chum  
do mhuir ná d'úir ná d'fhochann.

49 Ón bhreac bheag gus an míol mór  
tighearna na dtrí bpríomhshlógh  
don duine do dhealbh gach dúil;  
ar sealbh uile do b'iontnúidh.

50 Uaidh fhuaramar neamh na néall,  
's an bioth uile is an t-aigéan,  
uaidh fhuaramar an t-anam,  
uaidh fhuaramar uraghall.

51 Rí gach dhúine téid 'n-a theagh;  
uaidh fhuaramar an t-aingeal  
ar leathláimh gach duine dhíonn;  
neamhcháir don duine a dhimbríogh.

52 Uaidh fhuaramar - foirbhthe an tsearc -  
a dhealbh féin - gá fearr toirbheart;  
uaidh..... inn féin  
do rala sinn ar saibhchéill.

53 Gér ghabh sin caomhchorp dar gcionn  
naomhthacht ar nach fuil foircheann  
dar [sdiúir] gus an bhflaith bhfíre  
ré iúil na sé seinlíne.

54 .....  
.....  
do thoirling san óigh iodhain  
coimhling dan cóir creidiomhain.

55 Do b'fhiú an toircheas tharla dhí  
ar sgaoileadh cáigh ó chéile  
gur tháthuigh an uile fhear  
Muire an mháthair 's an mhaighdean.

56 Ógh iodhan dar bh'ainm Muire,  
máthair an Mheic shíordhuidhe,  
do b'é rí na soillse sin,  
do bhí 'n-a broinn-se ó bréithir.

57 Talamh í as airde ná neamh  
bainríoghan máthair maighdean  
mionn órdha fhuile hEabha  
Muire óghdha fhíréanna.

58 Tríd do fhágbhas Inis Bhreagh  
[m'onóir do dhiúlt maic] Míleadh  
[flaith d'Íbh Airt agus Oilill

ní maith ní huilc altoighim].

59 Teach na n-ógh is na n-easbal,  
teach daoineach an Dúileamhan,  
easbal as tréan an tighe  
Peadar fréamh na fírinne. Ní